

An Bhruiséil, 1 Iúil 2026
(OR. en)

11291/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0265(CNS)**

**ATO 35
CADREFIN 319**

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	29 Meitheamh 2026
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach agus um Dhíchoimisiúnú le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (Euratom) 2021/948 – Cur chuige ginearálta páirteach

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs an chur chuige ginearálta pháirtigh maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach agus um Dhíchoimisiúnú le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (Euratom) 2021/948, ar thángthas air ag cruinniú den Chomhairle (Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí) an 29 Meitheamh 2026.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear an Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach
agus um Dhíchoimisiúnú le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena n-aisghairtear
Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (Euratom) 2021/948**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,
agus go háirithe Airteagal 203 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa¹,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is cuspóir don Rialachán seo na rialacha agus na nósanna imeachta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí comhair maidir le sábháilteacht núicléach agus gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin arna ndéanamh ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhphobal') faoin Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach agus um Dhíchoimisiúnú ('an Ionstraim').

¹ Tuairim ón ..., IO

- (2) Chun leanúint den fheabhas leanúnach ar shábháilteacht núicléach agus ar rialáil na sábháilteachta sin, agus chun an feabhas sin a chur chun cinn, ghlac an Chomhairle Treoir 2009/71/Euratom². Maidir leis an Treoir sin agus ardchaighdeán na sábháilteachta núicléiche, na cosanta radaighníomhaí, agus bhainistiú na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta a chuirtear chun feidhme sa Chomhphobal, is eiseamláirí iad atá le húsáid chun tríú tíortha a spreagadh chun ardchaighdeán mar iad a ghlacadh.
- (3) Is páirtithe conarthacha iad an Comhphobal agus a Bhallstáit sa Choinbhinsiún maidir le Sábháilteacht Núicléach arna ghlacadh an 17 Meitheamh 1994³ agus sa Choinbhinsiún Comhpháirteach maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Breosla Spíonta agus maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí arna ghlacadh an 5 Meán Fómhair 1997⁴.
- (4) Is Páirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a síníodh an 1 Iúil 1968 iad Ballstáit an Aontais agus cuireann siad an Prótacal Breise i bhfeidhm i ndáil lena gcomhaontuithe faoi seach maidir le coimirciú a tugadh i gcrích leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA)⁵.

² Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 18, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/71/oj>).

³ IO L 318, 11.12.1999, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/convention/1999/819/oj>.

⁴ Tháinig an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA), an Coinbhinsiún Comhpháirteach maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Breosla Spíonta agus maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí, a glacadh an 5 Meán Fómhair 1997, i bhfeidhm an 18 Meitheamh 2001. A bhfuil teacht air ag: <https://www.iaea.org/topics/nuclear-safety-conventions/joint-convention-safety-spent-fuel-management-and-safety-radioactive-waste>

⁵ Prótacal Breise Samhail a ghabhann leis an gComhaontú/na Comhaontuithe idir an Stát/na Stáit agus an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach chun Coimircí a Chur i bhFeidhm (INFCIRC/540), arna fhormheas ag Bord Gobharnóirí GIFA an 15 Bealtaine 1997. A bhfuil teacht air ar líne ag: [INFCIRC/540 - Prótacal Breise Samhail a ghabhann leis an gComhaontú/na Comhaontuithe idir an Stát nó na Stáit agus an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach chun Coimircí a Chur i bhFeidhm](#), agus Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir an Fhrainc, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach chun Coimircí a Chur i bhFeidhm sa Fhrainc (INFCIRC/290/Add.1), arna fhormheas ag an mBord Gobharnóirí an 11 Meitheamh 1998. A bhfuil teacht air ar líne ag: [INFCIRC/290/Add.1 - Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir an Fhrainc, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach chun Coimircí a Chur i bhFeidhm sa Fhrainc](#)

- (5) Ós rud é go gcumhdaítear beartais inmheánacha agus sheachtracha araon leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom') agus go ndéantar foráil ann maidir le sineirgí idir an dá cheann, tá dhá chomhpháirt san Ionstraim seo lena dtugtar aghaidh ar ghníomhaíochtaí seachtracha agus inmheánacha faoi seach.
- (6) Le comhpháirt sheachtrach na hIonstraime, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí um chomhar idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht núicléach, rud a chuirfeadh leis na gníomhaíochtaí ar tacaíodh leo roimhe seo faoi Rialachán (Euratom) 2021/948 ón gComhairle⁶. Tá an chomhpháirt sheachtrach comhsheasmhach leis an ngníomhaíocht sheachtrach dá dtugtar tacaíocht faoi Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda] agus comhlánaíonn sí an ghníomhaíocht sin.⁷
- (6A) Le comhpháirt sheachtrach na hIonstraime, ba cheart comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn freisin bunaithe ar choinbhinsiúin maidir le sábháilteacht núicléach agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, sa tslí is go spreagfaí tíortha comhpháirtíochta le bheith ina bpáirtithe sna coinbhinsiúin sin agus go bhféadfaí athbhreithnithe piaraí tréimhsiúla a dhéanamh ar a gcórais náisiúnta. Leis na hathbhreithnithe piaraí sin, soláthraítear measúnú seachtrach ar staid na himeartha agus ar na dúshlán maidir le sábháilteacht núicléach i dtíortha, sa tslí is go gcuirtear bonn eolais faoin gclársceidealú agus faoin ord tosaíochta a bhaineann le tacaíocht ardleibhéil an Aontais.
- (7) Le comhpháirt inmheánach na hIonstraime, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí sa réimse maidir le díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí a dhéanann an Coimisiún (clár an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde um dhíchoimisiúnú agus um bainistiú dramhaíola), agus aghaidh á tabhairt ar dhliteanais núicléacha an Choimisiúin a thagann ó thaighde núicléach a rinneadh roimhe seo ag suíomhanna an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, mar atá JRC-Geel sa Bheilg, JRC-Karlsruhe sa Ghearmáin, JRC-Ispira san Iodáil agus JRC-Petten san Ísiltír, ag tógáil ar na gníomhaíochtaí ar tacaíodh leo roimhe seo faoi Rialachán (Euratom) 2021/100 ón gComhairle⁸.

⁶ Rialachán (Euratom) 2021/948 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach lena gcomhlánaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda ar bhonn an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 237/2014 (IO L 209, 14.6.2021, lch. 79, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/948/oj>).

⁷ Rialachán (AE) .../... [an Eoraip Dhomhanda] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Eoraip Dhomhanda (IO, ..., ... ELI: ...).

⁸ Rialachán 2021/100 (Euratom) ón gComhairle an 25 Eanáir 2021 lena mbunaítear clár airgeadais tiomnaithe chun saoráidí núicléacha a dhíchoimisiúnú agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 1368/2013 (IO L 34, 1.2.2021, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/100/oj>).

- (8) Léiríodh i meastóireachtaí cláir gur toisc é struchtúr casta cistiúcháin an Aontais a chuireann bac ar thionchar bhuiséad an Aontais, i ngeall ar an ualach riaracháin, ar cheart é a laghdú, nuair is féidir. Déantar na gníomhaíochtaí a dhéantar i réimse an chomhair idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht núicléach agus díchoimisiúnú shaoraidí taighde núicléach an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde faoi Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (Euratom) 2021/948 a athghrúpáil ionas go ndéanfar iad a rialú le gníomh dlí aonair, agus é mar aidhm leis sin an t-ualach riaracháin a laghdú.
- (9) Is é cuspóir ginearálta na hIonstraime rannchuidiú le hardleibhéil sábháilteachta núicléiche, cosanta ar radaíocht, bainistithe shábháilte breosla núicléach spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnaithe, agus le cur i bhfeidhm coimircí éifeachtúla éifeachtacha i ndáil le hábhar núicléach, ar bhealach trédhearcach cuntasach.
- (10) Is é is aidhm don Rialachán seo freisin solúbthacht mhéadaithe a sholáthar sa chur chuige clársceidealaithe, lena n-áirítear solúbthacht mhéadaithe i measc módúlachtaí cabhrach agus eintitis incháilithe, chun riachtanais gan choinne a fhreagairt mar a shainithnítear sna meastóireachtaí agus sna comhairliúcháin faoi Rialachán (Euratom) 2021/948 iad.
- (11) Ní hé is aidhm don chomhar arna sholáthar ag an gComhphobal faoin Rialachán seo fuinneamh núicléach a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta⁹, ná stáisiúin núicléacha nua a thógáil, agus níor cheart é a dhíriú ar mhéadú a dhéanamh ar an ioncam a ghintear as stáisiún núicléach a oibriú chun leictreachas agus teas a ghiniúint.

⁹ Rialachán (Euratom) 2021/948 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach lena gcomhlánaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda ar bhonn an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 237/2014 (IO L 209, 14.6.2021, lch. 79, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/948/oj>).

- (11A) Ba cheart an Ionstraim a bheith ina rannchuidiú le neartú a dhéanamh ar an rialú rialála éifeachtach neamhspleách agus na gníomhaíochtaí forbartha acmhainneachta a bhaineann le sábháilteacht i dtíortha comhpháirtíochta, agus ba cheart díriú go príomha ar na húdaráis rialála inniúla agus, i gcás inarb iomchuí, ar a n-eagraíochtaí tacaíochta teicniúla ainmnithe.
- (12) [Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais táscach don Ionstraim fhoriomlán. Chun críche an Rialacháin seo, déantar praghsanna reatha a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.]
- (13) I dtimpeallacht eacnamaíoch shóisialta gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil agus cláir de chuid an Aontais atá níos solúbtha. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo, ba cheart aird chuí a thabhairt sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú ag an am céanna le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid.

- (14) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ maidir leis an Ionstraim. Leagtar síos leis an Rialachán na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar agus bainistíocht indíreach i bhfoirm ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.
- (15) [Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid na leithreasuithe a leithdháiltear ar an Ionstraim chomh maith leis an gclárthréimhse agus ar dháileadh na gcistí i measc na ngníomhaíochtaí éagsúla bunaithe ar thorthaí na meastóireachta arna déanamh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ [an Rialachán Feidhmíochta].]

¹⁰ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/OJ>).

¹¹ Rialachán (AE) (AE, Euratom) .../... [An Rialachán Feidhmíochta] (IO , ..., ... ELI: ...).

- (16) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95¹³, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96¹⁴ agus (AE) 2017/1939¹⁵ ón gComhairle, tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-halaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, rud dá ndéantar foráil i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú.

¹² Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj>).

¹³ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj>).

¹⁴ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.96, lch. 2, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj>).

¹⁵ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj>).

¹⁶ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj>).

- (17) [Tá an Ionstraim le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX [Rialachán Feidhmíochta], lena leagtar síos na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun feidhmiú aonfhoirmeach an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus phrionsabal an chomhionannais inscne a áirithiú, ar prionsabail iad dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht clár agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais agus maidir le tuairisciú i dtaobh na feidhmíochta sin, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, agus forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais, amhail forálacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.]
- (18) Na cineálacha cistiúcháin ón Aontas agus na modhanna ina gcuirfear an cistiú sin chun feidhme a leagtar síos sa Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a bhaint amach ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar riosca an neamhchomhlíonta a mheastar a bheith ann. Leis sin, ba cheart breithniú ar úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costas aonaid, chomh maith le maoiniú nach bhfuil baint aige le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheith san áireamh.

- (19) Ba cheart comhordú na ngníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin Rialachán seo a bhaint amach trí obair leanúnach agus idirphlé leanúnach leis na Ballstáit, le tíortha comhpháirtíochta agus lena n-údaráis ábhartha, go háirithe na húdaráis rialála inniúla i réimse na sábháilteachta núicléiche, na gcoimircí le haghaidh ábhar núicléach agus an díchoimisiúnaithe núicléach chun dúbláil a sheachaint.
- (20) [Chun cur chun feidhme comhsheasmhach gníomhaíochta seachtraí a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda] maidir le cur chun feidhme chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime, mar is iomchuí, agus ba cheart na forálacha cur chun feidhme faoin Rialachán seo a bheith ar aon dul leis na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán sin.]
- (21) Maidir le comhpháirt sheachtrach na hIonstraime, ba cheart pleananna gníomhaíochta bliantúla nó ilbhliantúla agus bearta dá dtagraítear sa Rialachán seo a bheith ina gláir oibre de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Is é atá i bpleananna gníomhaíochta bliantúla agus ilbhliantúla sraith de bhearta a chuirtear le chéile in aon doiciméad.
- (22) Na pleananna gníomhaíochta faoi chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime, ba cheart iad a ghlacadh go bliantúil, ach amháin má tá údar cuí ann, de bharr chineál agus chuspóirí na ngníomhaíochtaí, go ndéanfaí pleananna ilbhliantúla a ghlacadh.
- (23) Ba cheart don Choimisiún cláir ilbhliantúla tháscacha a ghlacadh atá comhsheasmhach agus comhlántach leis na cláir ilbhliantúla tháscacha dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda].

- (24) Ba cheart an creat beartais foriomlán le haghaidh chur chun feidhme chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime a bheith bunaithe leis na beartais a leagtar amach sna comhaontuithe comhair a ghabhann leis an Ionstraim, sna comhaontuithe iltaobhacha, san comhaontuithe comhair núicléach, sa mheabhrán tuisceana, sna Conarthaí, sna Coinbhinsiúin agus i gcomhaontuithe eile lena mbunaítear caidreamh idir an Comhphobal agus a thíortha comhpháirtíochta, mar aon le conclúidí ón gComhairle Eorpach agus conclúidí ón gComhairle, dearbhuithe ó chruinnithe mullaigh, conclúidí ó chruinnithe ardleibhéil le tíortha comhpháirtíochta, teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus teachtaireachtaí comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála. Nuair a bhítear ag déanamh cinneadh maidir le rannpháirtíocht tíortha comhpháirtíochta i gcomhpháirt sheachtrach na hIonstraime, ní mór sainchumais na Comhairle agus an Choimisiúin faoi seach faoi Airteagal 101 de Chonradh Euratom a urramú.
- (25) Le comhpháirt sheachtrach na hIonstraime, féadfar gníomhaíochtaí a mhaoiniú in aon tír chomhpháirtíochta i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo agus leis na comhaontuithe ábhartha lena gceadaítear rannpháirtíocht na tíre comhpháirtíochta san Ionstraim. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do dhaoine agus d'eintitis ó thíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa.
- (26) Ba cheart an Comhar Idirnáisiúnta a bheith bunaithe ar na Prionsabail Bhunúsacha Sábháilteachta mar a shonraítear i gcaighdeáin sábháilteachta GIFA iad, agus aird á tabhairt freisin, i gcás inarb ábhartha, ar thionchair thrasteorann ar an gcomhshaol, gan drochthionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhme um chomhar agus um chúnamh faoin Ionstraim seo.

- (27) Maidir le comhar faoin Ionstraim le tíortha comhpháirtíochta nach bhfuil in ann na critéir a chomhlíonadh le bheith ina bpáirtithe in ionstraimí idirnáisiúnta, go háirithe i gcás ina bhfuil an comhar sin faoi réir coinníollacha a bhaineann le státacht, ballraíocht nó aitheantas faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe nó comhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile, nó i gcás ina bhfuil nósanna imeachta um aontú do chomhaontuithe idirnáisiúnta mar sin ar feitheamh, féadfar an comhar sin a shaothrú, ar bhonn eisceachtúil, chun cuspóirí an rialacháin a bhaint amach.
- (28) I bhfianaise a riachtanaí atá sé an tsábháilteacht a fheabhsú san úsáid shíochánta a bhaintear as fuinneamh núicléach i dtíortha comhpháirtíochta, agus forbairtí reatha agus forbairtí a bheidh ann amach anseo sa réimse sin á gcur san áireamh, ba cheart na cuspóirí seo a leanas a shaothrú leis an Ionstraim: na leibhéil is airde sábháilteachta núicléiche agus cosanta ar radaíocht a chur chun cinn, tacú le bainistiú freagrach sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí, agus coimircí i leith ábhar núicléach a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil i dtíortha comhpháirtíochta. Ba cheart a áireamh leis an méid sin, *inter alia*, sean-suíomhanna atá éillithe go raideolaíoch a fheabhsú, acmhainneacht rialála agus cumais ghaolmhara a neartú chun sábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht a áirithiú sna feidhmeanna reatha agus sna forbairtí a bheidh ann amach anseo i ndáil leis na húsáidí síochánta a bhaintear as fuinneamh núicléach, chomh maith le cosaint raideolaíoch i bhfeidhmeanna leighis nua a bhaineann le radaíocht ianúcháin.

- (29) [Tá cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ag déanamh damáiste do bhonneagar na hÚcráine, lena n-áirítear damáiste do shaoráidí cumhachta núicléiche na tíre, mar a léiríodh leis an ionsaí ladraínn an 14 Feabhra 2025 ar struchtúr gaibhniúcháin shábháilte nua Shearnóbail. A mhéid a bhaineann le tacaíocht ón Aontas do riachtanais a bhaineann leis an Úcráin i réimse na sábháilteachta núicléiche, féadfar leithreasuithe arna slógadh ón gCúlchiste don Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX ón gComhairle [Rialachán CAI] a chur ar fáil le haghaidh tacaíocht a sholáthraítear faoi chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha, ionstraimí airgeadais agus sholáthar na ráthaíochta buiséadaí. Ba cheart tacaíocht a sholáthraítear don Úcráin faoi chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime den Rialachán seo i bhfoirm iasachtaí faoi Chinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle a sholáthar laistigh den mhéid a bhunaítear i gCinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle agus laistigh den uasteorainn dá dtagraítear in Airteagal 6(2), an dara fomhír den Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda. Má tá na hiasachtaí sin le soláthar don Úcráin mar stát ceannasach, ba cheart iad a chumhdach leis an ráthaíocht dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 2(3), an dara fomhír de Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX ón gComhairle [Rialachán CAI]. Dá réir sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le maolú ar Airteagal 214(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus gan aon ráta soláthair a shocrú le haghaidh na n-iasachtaí sin don Úcráin dá bhforáiltear le hAirteagal 24 (3), an mhír dheireanach den Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda.]
- (30) [D'fhoill comhsheasmhacht a áirithiú, an ráthaíocht bhuiséadach agus na hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear cásanna nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríochtaí measctha, faoi chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime, ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de Rialachán (AE) 202X/XXXX [An Eoraip Dhomhanda] trí chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le haghaidh an chineáil sin tacaíochta faoi shásraí seachadta na hEorpa Domhanda.]

- (31) [I gcás na comhpháirte seachtraí, nuair a bhíonn tacaíocht ón Aontas faoin Ionstraim le soláthar i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais, lena n-áirítear cásanna ina mbeidh an tacaíocht sin agus tacaíocht neamh-inaisíoctha comhcheangailte in oibríocht mheasctha, is gá an tacaíocht sin a sholáthar trí shásraí seachadta na hEorpa Domhanda i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid shásraí seachadta na hEorpa Domhanda.]
- (32) Meastar go bhfuil gá le dlúthchomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta a shaothraíonn cuspóirí atá comhchosúil le cuspóirí na hIonstraime, dá dtagraítear i dTeideal II de Chaibidil 10 de Chonradh Euratom, go háirithe leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA), ar mhaithe le comhar rathúil maidir le sábháilteacht núicléach.
- (33) Is féidir an úsáid is éifeachtúla de na hacmhainní atá ar fáil a bhaint amach trí chomhleanúnachas agus comhlántacht idir ionstraimí an Aontais um maoiniú seachtrach agus trí shineirgí a chruthú le beartais agus cláir eile de chuid an Aontais. Ionas go mbainfear an leas is mó is féidir as an tionchar a bheidh ag na hidirghabhálacha le chéile chun cuspóir coiteann a ghnóthú, ba cheart an deis a bheith ann a bhuí leis an Rialachán seo cistiúchán a chomhcheangal le cláir eile de chuid an Chomhphobail agus an Aontais, ar choinníoll nach gcumhdófar na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí.

- (34) Léirigh an clár airgeadais roimhe seo faoi Rialachán (Euratom) 2021/100 an breisluach Comhphobail breise trí eolas a bhailiú agus a scaipeadh. Ar bhonn Airteagal 8 de Chonradh Euratom, agus de bhun Airteagal 7 de Threoir 2011/70/Euratom¹⁷ ón gComhairle, tá JRC freagrach as a dhliteanais stairiúla núicléacha a bhainistiú agus a shuiteálacha núicléacha ar dúnadh iad a dhíchoimisiúnú i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha. Dá réir sin, seoladh an Clár um Dhíchoimisiúnú agus um Bainistiú Dramhaíola ag an JRC in 1999 le teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle¹⁸, agus tá nuashonruithe rialta curtha ar fáil ag an gCoimisiún ó shin ar dhul chun cinn an chlár sin¹⁹
- (35) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb é an bealach is fearr le ceanglais a chomhlíonadh a eascraíonn as Airteagail 5(1), pointe (f), agus Airteagal 7 de Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle straitéis a shaothrú lena gcomhcheanglaítear gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin agus bainistithe dramhaíola radaighníomhaí, agus tús á chur ag an am céanna leis an bplé deonach idir JRC agus Ballstáit óstacha maidir leis an bhféidearthacht na dliteanais i dtaca le díchoimisiúnú agus bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a aistriú i gcás comhaontuithe frithpháirteacha idir an Coimisiún agus na Ballstáit óstacha. Ba cheart do JRC foráil a dhéanamh d'acmhainní leordhóthanacha agus iad a choinneáil chun a oibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le díchoimisiúnú agus sábháilteacht an bhainistithe breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí.

¹⁷ Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/70/oj>).

¹⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 17 Márta 1999 maidir le díchoimisiúnú suiteálacha núicléacha atá imithe i léig agus bainistiú dramhaíola: Dliteanais stairiúla a eascraíonn as gníomhaíochtaí núicléacha arna ndéanamh ag JRC faoi Chonradh Euratom (COM (1999) 114 final).

¹⁹ SEC(2004) 624, COM(2008) 903 agus COM(2013) 734.

- (36) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.
- (37) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme a ghlacadh láithreach chun pleananna gníomhaíochta agus bearta bliantúla nó ilbhliantúla a ghlacadh nó a leasú faoi chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann leis an ngá atá le freagairt thapa ón gComhphobal, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.
- (38) I gcomhréir le hAirteagal 9 de Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle, áiritheoidh an tArdionadaí, ina cháil mar Leas-Uachtarán an Choimisiúin, comhordú polaitiúil foriomlán ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áiríteofar a aontacht, a chomhsheasmhacht agus a éifeachtacht, go háirithe tríd an Ionstraim seo a chur chun feidhme.
- (39) Na tagairtí d'ionstraimí cúnaimh sheachtraigh i gCinneadh 2010/427/AE ón gComhairle²¹, ba cheart iad a léamh mar thagairtí don Rialachán seo agus do na Rialacháin sin dá dtagraítear ann. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo chun feidhme i gcomhréir le ról na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí mar a fhoráiltear sa Chinneadh sin.

²⁰ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

²¹ Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2010/427/oj>).

- (40) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar do na réimsí beartais ábhartha agus chun go bhféadfar tús a chur leis an gcur chun feidhme ó thús chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2028.
- (41) Faoi chuimsiú bhearta sriantacha an Aontais, arna nglacadh ar bhonn Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215(2) CFAE, ní fhéadfar aon chiste nó acmhainn eacnamaíoch a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí dlíthiúla ainmnithe nó chun a dtairbhe. Dá bhrí sin, níor cheart tacú leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis ná na comhlachtaí sin, ná le daoine dlítheanacha, eintitis ná comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu.
- (42) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (Euratom) 2021/948 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo an Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach agus Díchoimisiúnú (an ‘Ionstraim’) [le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034].
2. Leagtar síos leis cuspóirí na hIonstraime, a buiséad tascach [don tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034], na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar faoin Ionstraim. Tugtar aghaidh ann freisin ar shainiúlachtaí gach ceann den dá chomhpháirt den Ionstraim: an chomhpháirt sheachtrach agus an chomhpháirt inmheánach.

Cuspóirí na hIonstraime

1. Is é cuspóir ginearálta chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime rannchuidiú le hardleibhéal sábháilteachta núicléiche, cosaint ar radaíocht, bainistiú sábháilte breosla spionta agus dramhaíola radaighníomhaí, díchoimisiúnú agus cur i bhfeidhm coimircí éifeachtúla éifeachtacha d'ábhar núicléach[...] i dtíortha comhpháirtíochta, i gcomhlántacht le Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda], agus cur leis na gníomhaíochtaí laistigh den Chomhphobal lena n-áirítear creat rialála ábhartha Euratom.

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh le 'tír chomhpháirtíochta' an bhrí a shanntar dó in Airteagal 2(10) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda].
2. Is é cuspóir ginearálta chomhpháirt inmheánach na hIonstraime tacú le díchoimisiúnú shuiteálacha núicléacha an Choimisiúin ag suíomhanna ábhartha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, i gcomhréir leis na riachtanais arna sainaithint sna pleananna díchoimisiúnúcháin faoi seach, agus an breosla spionta, an t-ábhar núicléach agus an dramhaíl radaighníomhach lena mbaineann a bhainistiú go sábháilte. Ina theannta sin, tacóidh an Ionstraim le taithí, fios gnó, dea-chleachtais agus eolas a eascraíonn as an bpróiseas díchoimeála agus díchoimisiúnaithe núicléach agus le bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí a eascraíonn as sin a chomhroinnt ar bhealach struchtúrtha le páirtithe leasmhara an Chomhphobail.

3. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag comhpháirt sheachtrach na hIonstraime:
- (a) cultúr éifeachtach sábháilteachta núicléiche agus cosanta ar radaíocht a chur chun cinn, agus cur chun feidhme na gcaighdeán is airde maidir le sábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht, lena n-áirítear cur chun feidhme na gcaighdeán is airde maidir le slándáil soláthairtí atá ábhartha don tsábháilteacht, ullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála, forbairt acmhainneachta agus trédhearcacht i bpróisis chinnteoireachta na n-údarás i dtíortha comhpháirtíochta;
 - (b) tacú le breosla spionta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go freagrach agus go sábháilte agus le hiarshuíomhanna agus iarshuiteálacha núicléacha a dhíchoimisiúnú agus a fheabhsú;
 - (c) coimircí éifeachtúla éifeachtacha a neartú le haghaidh ábhar núicléach i dtíortha comhpháirtíochta.

Leis na gníomhaíochtaí faoin gcomhpháirt sheachtrach, tabharfar tosaíocht do ghníomhaíochtaí rialaithe rialála agus forbartha acmhainneachta atá éifeachtach agus neamhspleách a neartú i dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'údaráis rialála inniúla agus, i gcás inarb iomchuí, dá n-eagraíochtaí tacaíochta teicniúla ainmnithe.

4. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag comhpháirt inmheánach na hIonstraime:
- (a) tacú leis an bplean díchoimisiúnúcháin agus na gníomhaíochtaí a dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit óstaigh chun suiteálacha núicléacha an Choimisiúin ag suíomhanna JRC a dhíchóimeáil agus a dhí-éilliú, bainistiú sábháilte ar dhramhaíl radaighníomhach ghaolmhar a dhéanamh agus, nuair is iomchuí, aistriú féideartha na ndliteanas núicléach gaolmhar ó JRC go dtí an Ballstát óstach a ullmhú;
 - (b) go leanfadh JRC de naisc agus malartuithe a fhorbairt i measc gheallsealbhóirí an Aontais, lena n-áirítear rialtóirí, institiúidí tionscail agus oiliúna, maidir le díchoimisiúnú núicléach, d'fhonn a áirithiú go scaipfear go córasach eolas, dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh agus go gcomhroinnfear taithí i ngach réimse ábhartha, amhail rialáil agus oiliúint, agus d'fhonn sineirgí de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann a fhorbairt.

Ní fhorchuirfear an t-aistriú dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír ar aon Bhallstát óstach agus beidh sé faoi réir comhaontú déthaobhach frithpháirteach idir an Coimisiún agus an Ballstát óstach. Áireofar sa chomhaontú déthaobhach sin go n-íocfaidh an Comhphobal na costais uile a bhaineann le díchoimisiúnú shuiteálacha núicléacha an Choimisiúin féin ag suíomhanna JRC, mar aon leis na costais a bhaineann leis an dramhaíl radaighníomhach ghaolmhar a stóráil, agus comhlíonfaidh sé go hiomlán Treoir 2011/70/Euratom. Féadfar tús a chur leis an bplé deonach idir an Coimisiún agus an Ballstát óstach maidir leis an aistriú féideartha dliteanas dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), ar a dhéanaí faoi 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

[Airteagal 3

Buiséad

1. Is é EUR 966 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh chur chun feidhme na hIonstraime don tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.
2. Ina theannta sin, féadfar acmhainní airgeadais don Úcráin arna slógadh trí Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda] ó Chúlchiste na hÚcráine i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX [Rialachán CAI] a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht ón Aontas don Úcráin faoin Rialachán seo.
3. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais le haghaidh na tréimhse tar éis 2034 chun an caiteachas is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh na hIonstraime a bhainistiú.
4. Féadfar an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na hacmhainní airgeadais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 3 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Ionstraim a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise, infheictheachta agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais agus gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach caiteachas eile a bhaineann le foireann arna thabhu ag an gCoimisiún chun an Ionstraim a bhainistiú.

5. I gcás chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime, beidh feidhm maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ag na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le tabhairt anonn, tráthchodanna bliantúla, aisíocaíochtaí, ioncam agus aisghabhálacha ó ionstraimí airgeadais arna maoiniú faoin Ionstraim seo nó faoina réamhtheachtaithe, agus barrachais ó na ráthaíochtaí buiséadacha agus na hiasachtaí dá bhforáiltear faoin Ionstraim seo nó faoina réamhtheachtaithe, a leagtar síos in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda].]

Airteagal 4

Acmhainní breise

Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tíortha comhpháirtíochta, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a chur ar fáil don Ionstraim. Ioncam sannta seachtrach a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach

1. Cuirfear an Ionstraim chun feidhme i sineirgíocht le cláir eile de chuid an Chomhphobail agus an Aontais. Féadfaidh gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht Chomhphobail faighte aici mar aon le ranníocaíocht ón Aontas ó chlár eile ranníocaíocht a fháil freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanais dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostas incháilithe a bheidh an ranníocaíocht ón Aontas bunaithe, ní rachaidh an tacaíocht charnach as buiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn pro rata i gcomhréir leis na coinníollacha maidir le tacaíocht.
2. Níosanna imeachta dámhachtana a bheidh ann faoin Ionstraim, féadfar iad a stiúradh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tíortha comhpháirtíochta, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile ('comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach'), ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint ar leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Ionstraim i gcomhréir le hAirteagal [4] den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 freisin.

Airteagal 6

Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas

1. Cuirfear an Ionstraim chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach trí bhíthin eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.
2. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar, tabhartais neamhairgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, ionstraimí airgeadais agus oibríochtaí measctha.

CAIBIDIL II

COMHPHÁIRTEANNA ÉAGSÚLA NA hIONSTRAIME A CHUR CHUN FEIDHME

ROINN 1: FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME CHOMHPHÁIRT SHEACHTRACH NA hIONSTRAIME

Airteagal 7

Creat beartais

Is éard a bheidh sa chreat beartais foriomlán le haghaidh chur chun feidhme na hIonstraime seo, na beartais a leagtar amach sna comhaontuithe comhlachais, comhpháirtíochta agus comhair, lena n-áirítear comhaontuithe um chomhar núicléach, comhaontuithe iltaobhacha, ionstraimí nach bhfuil ceangailteach de réir dlí, amhail meabhráin tuisceana, Conarthaí, Coinbhinsiúin, dearbhuithe agus comhaontuithe eile lena mbunaítear caidreamh idir an tAontas agus/nó an Comhphobal agus a thíortha comhpháirtíochta, mar aon le conclúidí ón gComhairle Eorpach agus conclúidí ón gComhairle, dearbhuithe ó chruinnithe mullaigh, conclúidí ó chruinnithe ardleibhéil le tíortha comhpháirtíochta, straitéisí agus teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus teachtaireachtaí comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

Cur chun feidhme agus incháilitheacht i gcomhréir leis an Eoraip Dhomhanda

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo, déanfar maoiniú ón Aontas le haghaidh chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, agus de réir mar is iomchuí le Caibidil II agus Caibidil III de Theideal II de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda] cé is moite d’Airteagail 19, 20(2) agus (3) agus 26 den Rialachán sin. Beidh feidhm ag na rialacha incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 20(1) agus (4) go (12) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda] maidir le gach gníomhaíocht a mhaoinítear faoin gcomhpháirt sheachtrach.
2. [I gcás ina ndéantar tacaíocht ón Aontas a sholáthar i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraim airgeadais, lena n-áirítear cás ina bhfuil an tacaíocht sin agus tacaíocht neamh-inaisíoctha comhcheangailte in oibríocht mheasctha, is trí shásra seachadta na hEorpa Domhanda amháin a dhéanfar í a sholáthar, agus cuirfear chun feidhme í i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid shásra seachadta na hEorpa Domhanda trí chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le haghaidh an chineáil sin tacaíochta faoi shásraí seachadta na hEorpa Domhanda.]
3. [Agus tacaíocht ón Aontas á soláthar i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí, ní shárófar an t-uasmhéid ráthaíochta buiséadaí arna leagan síos leis an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda.]
4. [I gcás ina mbaineann an Ionstraim úsáid as sásra seachadta na hEorpa Domhanda, déanfar foráil leis maidir leis an ráthaíocht bhuiséadach agus an maoiniú a sholáthar d’ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear cásanna ina mbeidh an méid sin agus tacaíocht neamh-inaisíoctha comhcheangailte mar oibríocht mheasctha.]

Airteagal 9

Iasachtaí Euratom

1. **[Soláthrófar tacaíocht ón Aontas don Úcráin i bhfoirm iasachtaí faoi Chinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle laistigh den uasmhéid dá dtagraítear in Airteagal 6(2), an dara fomhír de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda]. Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 24 (3), an mhír dheireanach de Rialachán (AE) 202X/XXXX [An Eoraip Dhomhanda] maidir le hiasachtaí don Úcráin faoi Chinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle.]**
2. **Is é a bheidh sa ráta soláthair le haghaidh tacaíocht ón Aontas i bhfoirm iasachtaí don Airméin faoi Chinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle an ráta soláthair a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda].**

Cláir ilbhliantúla tháscacha

1. Déanfar comhpháirt sheachtrach na hIonstraime a chur chun feidhme trí chlár ilbhliantúla tháscacha arna nglacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2). Déanfar an méid a leanas leis na cláir ilbhliantúla tháscacha sin:
 - (a) díriú ar chreat comhleanúnach a chur ar fáil le haghaidh comhar idir an Comhphobal agus na tíortha comhpháirtíochta nó na réigiúin lena mbaineann, ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le cuspóir foriomlán agus raon feidhme, cuspóirí, prionsabail agus beartas an Chomhphobail agus an creat sin bunaithe ar an gcreat beartais dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo;
 - (b) bunús ginearálta a chruthú don chomhar maidir le sábháilteacht núicléach faoin Ionstraim agus leagfar amach spriocanna an Chomhphobail, agus aird á tabhairt ar riachtanais na dtíortha lena mbaineann, ar thosaíochtaí an Chomhphobail, ar an staid idirnáisiúnta agus ar ghníomhaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta lena mbaineann;
 - (c) léiriú a thabhairt ar bhreisluach an chomhair dá dtagraítear i bpointe (b) agus ar conas forluí clár agus tionscnamh eile a sheachaint, go háirithe cláir agus tionscnaimh eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil cuspóirí comhchosúla á saothrú acu agus iad sin de chuid mórdheontóirí eile;
 - (d) leagfar amach na tosaíochtaí geografacha agus beartais a roghnaíodh le haghaidh maoiniú ón Aontas, na cuspóirí sonracha agus, i gcás inarb iomchuí, na leithdháiltí airgeadais táscacha agus na modhanna cur chun feidhme.

(e) beidh siad bunaithe ar idirphlé leis na tíortha comhpháirtíochta nó leis na réigiúin chomhpháirtíochta lena mbaineann páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe na húdaráis rialtais agus rialála agus na heagraíochtaí arna n-ainmniú acu, agus, i gcás inarb iomchuí, ar chomhairliúcháin le Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach ('ENSREG') a bunaíodh le Cinneadh 2007/530/Euratom ón gCoimisiún²².

2. Féadfar na cláir ilbhliantúla tháscacha a athbhreithniú ar bhonn *ad hoc* de réir mar is gá chun iad a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe i gcás ina mbeidh athruithe suntasacha ar an gcreat beartais dá dtagraítear in Airteagal 7 nó tar éis géarchéime nó iar-ghéarchéime. Beidh feidhm ag an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2) freisin maidir le leasuithe ar chláir ilbhliantúla tháscacha.

Airteagal 11

Pleananna gníomhaíochta agus bearta a ghlacadh

1. Glacfaidh an Coimisiún pleananna gníomhaíochta bliantúla faoi chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime. Féadfaidh an Coimisiún pleananna gníomhaíochta ilbhliantúla a ghlacadh, áfach, i gcás ina mbeidh údar leis sin de bharr chineál agus chuspóirí na ngníomhaíochtaí.
2. Beidh pleananna gníomhaíochta bliantúla nó ilbhliantúla agus bearta faoi chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime ina gcláir oibre de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Cuirfear an comhthéacs sonrach san áireamh sna pleananna gníomhaíochta agus sna bearta agus sonrúfar iontu na heilimintí a leagtar amach in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Eoraip Dhomhanda] le haghaidh gach gníomhaíochta.

²² Cinneadh 2007/530/Euratom ón gCoimisiún an 17 Iúil 2007 maidir leis an nGrúpa Ardleibhéil Eorpach maidir le Sábháilteacht Núicléach agus le Bainistíocht Dramhaíola a bhunú (IO L 195, 27.7.2007, lch. 44, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2007/530/oj>).

3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na pleananna gníomhaíochta agus na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17 (2).
4. Ní gá an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear i mír 3 don mhéid a leanas:
- (a) bearta speisialta agus bearta tacaíochta nach mó ná EUR 5 milliún an maoiniú ón Aontas lena n-aghaidh;
 - (b) leasuithe teicniúla, ar choinníoll nach mbeidh éifeacht mhór acu ar chuspóirí an phlean gníomhaíochta nó an bhirt lena mbaineann, amhail na nithe seo a leanas:
 - (i) athrú ar an modh cur chun feidhme;
 - (ii) athshannadh cistí idir gníomhaíochtaí atá i bplean gníomhaíochta;
 - (iii) buiséad pleananna gníomhaíochta agus beart a mhéadú nach mó ná 20 % den bhuiséad sin agus nach mó ná EUR 5 mhilliún.
- Nuair a ghlacfar iad i gcomhréir leis an mír seo, cuirfear bearta speisialta agus tacaíochta mar aon le leasuithe teicniúla orthu in iúl do na Ballstáit trí bhíthin an choiste dá dtagraítear in Airteagal 17(1), laistigh de 1 mhí ó thráth a nglactha. Cuirfear in iúl do Pharlaimint na hEorpa iad freisin.
5. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann leis an ngá atá le freagairt thapa ón gComhphobal, déanfaidh an Coimisiún na pleananna gníomhaíochta nó na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a ghlacadh nó a leasú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 17 (3).

Critéir le haghaidh comhar idirnáisiúnta

1. Le comhpháirt sheachtrach na hIonstraime, féadfar gníomhaíochtaí a mhaoiniú i dtíortha comhpháirtíochta i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach san Airteagal seo.
2. Beidh comhthuiscint nó comhaontú cómhalartach idir an tír chomhpháirtíochta agus an Comhphobal ina bonn nó ina bhonn don chomhar.
3. Beidh tíortha comhpháirtíochta atá ag iarraidh comhoibriú leis an gComhphobal maidir le coimircí d'ábhar núicléach ina bpáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus beidh Comhaontú Cuimsitheach maidir le Coimircí tugtha i gcrích acu leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach nó beidh an Prótacal Breise leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach i bhfeidhm acu.
4. Tíortha comhpháirtíochta a dteastaíonn uathu comhoibriú leis an gComhphobal maidir le sábháilteacht núicléach, beidh siad ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach agus sa Choinbhinsiún Comhpháirteach maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Breosla Spíonta agus maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí nó i gcoinbhinsiúin ábhartha eile nó beidh bearta déanta acu lena léireofar gealltanais daingean chun aontú do na coinbhinsiúin sin.

5. Tíortha comhpháirtíochta atá ag iarraidh comhoibriú leis an gComhphobal maidir le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála, cosaint ar radaíocht nó bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus nach páirtithe iad sna hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, ní bheidh aon suiteálacha núicléacha ar a gcríoch acu.
6. Ní bheifear in ann comhar a dhéanamh le tíortha comhpháirtíochta nach páirtithe iad sna hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 agus nach bhfuil suiteálacha núicléacha acu ar a gcríoch ach amháin arna iarraidh sin go díreach do na tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann, agus beidh sé teoranta do thacaíocht arna hiarraidh acu i gcás tionóisc núicléach nó teagmhas éigeandála raideolaíoch dá dtagraítear sa Choinbhinsiún maidir le Luathfhógra i dtaobh Tionóisc Núicléach agus sa Choinbhinsiún maidir le Cúnamh i gcás Tionóisc Núicléach nó Éigeandáil Raideolaíoch.
7. Maidir le comhar faoin Ionstraim le tíortha comhpháirtíochta nach bhfuil in ann na critéir a chomhlíonadh le bheith ina bpáirtithe in ionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, go háirithe i gcás ina bhfuil an comhar sin faoi réir coinníollacha a bhaineann le státacht, ballraíocht nó aitheantas faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe nó comhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile, nó i gcás ina bhfuil nósanna imeachta um aontú do chomhaontuithe idirnáisiúnta mar sin ar feitheamh, féadfar an comhar sin a shaothrú, ar bhonn eisceachtúil, chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2(3) a bhaint amach.
8. Chun comhlíonadh chuspóirí comhair na hIonstraime a áirithiú agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcuspóirí sin, glacfaidh an tríú tír lena mbaineann leis an meastóireacht ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh. Leis an meastóireacht sin beifear in ann faireachán agus fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcuspóirí agus féadfaidh sí a bheith ina coinníoll ionas go leanfar den ranníocaíocht ón gComhphobal a íoc.

9. Leis an gcomhar faoin Ionstraim seo le tíortha comhpháirtíochta, cuirfear san áireamh, i gcás inarb iomchuí, prionsabail agus modhanna a aithnítear go hidirnáisiúnta agus atá ábhartha maidir leis na tionchair thrasteorann chomhshaoil a d'fhéadfadh eascairt as suiteálacha núicléacha i dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le gnáthoibriú agus cásanna tionóisce. Ballstát ar dócha go ndéanfaidh tionchair thrasteorann fhéideartha difear díreach dó, ó shuiteálacha núicléacha i dtír chomhpháirtíochta, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún dul i dteagmháil le tír chomhpháirtíochta agus é mar aidhm aige faisnéis ábhartha a fháil.
10. Is féidir le hoibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche i dtíortha comhpháirtíochta tacaíocht a fháil i gcásanna eisceachtúla a bhfuil teorainn ama leo agus atá sonrach don suíomh, lena n-áirítear cásanna éigeandála a bhaineann le sábháilteacht núicléach, straitéis a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar mholtaí a eascraíonn as measúnuithe riosca agus sábháilteachta piarmheasúnaithe ENSREG, lena n-áirítear tástálacha struis agus athbhreithnithe piaraí tráthúla, critéir agus coincheapa a fhorbairt atá dírithe ar na caighdeáin is airde a bhaint amach maidir le bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí, straitéisí a fhorbairt chun díchoimisiúnú sábháilte saoraidí núicléacha atá imithe i léig a áirithiú agus coimircí éifeachtúla agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm, agus bainistiú eolais agus oiliúint sa tsábháilteacht núicléach.

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ (SEGS)

Déanfar comhpháirt sheachtrach na hIonstraime a chur chun feidhme agus ról SEGS dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/427/AE ón gComhairle á chur san áireamh, go háirithe Airteagail 3 agus 9 de.

ROINN 2: FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME CHOMHPHÁIRT INMHEÁNACH NA hIONSTRAIME

Clár oibre

1. Is leis na clár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a dhéanfar cur chun feidhme chomhpháirt inmheánach na hIonstraime. Glacfar na clár oibre i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 4 de Chinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún.
2. Déanfar an méid seo a leanas le clár oibre chomhpháirt inmheánach na hIonstraime:
 - (a) díriú ar fhorléargas a thabhairt ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gclár oibre ilbhliantúil;
 - (b) beidh siad ina mbonn ginearálta do chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus beidh siad bunaithe ar na caighdeáin sábháilteachta núicléiche is airde agus ar na cleachtais is fearr chun aghaidh a thabhairt ar dhliteanais núicléacha an Chomhphobail.

Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus critéir incháilitheachta chun comhpháirt inmheánach na hIonstraime a chur chun feidhme

Mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo, déanfar maoiniú ón Aontas le haghaidh chomhpháirt inmheánach na hIonstraime a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo, Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Ní bheidh ach na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe do chistiú ón Aontas faoi chomhpháirt inmheánach na hIonstraime:

- (a) saoráidí núicléacha a chaomhnú agus a oibriú go sábháilte;
- (b) suiteálacha núicléacha atá imithe i léig nó neamhúsáidte, nó an dá rud, a dhíchóimeáil;
- (c) bainistiú sábháilte dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta, lena n-áirítear bailiú, tréithriú, cóireáil, iompar agus stóráil;
- (d) fardal na n-ábhar núicléach ag suíomhanna JRC a laghdú;
- (e) saoráidí bainistithe dramhaíola radaighníomhaí a fhorbairt agus a thógáil;
- (f) pleananna díchoimisiúnúcháin, staidéir theicniúla agus comhaid cheadúnúcháin a tháirgeadh agus a nuashonrú;
- (g) tacaíocht sheachtrach do dheardh tionscadal, meastóireacht, bainistíocht;
- (h) tacaíocht oibríochtúil, lena n-áirítear cosaint ar radaíocht, trealamh agus saoráidí a chothabháil;
- (i) plé deonach leis na Ballstáit óstacha i bhfianaise aistriú féideartha dhliteanais núicléacha an Choimisiúin;
- (j) cumarsáid agus comhar le páirtithe leasmhara seachtracha;
- (k) eolas maidir le díchoimisiúnú núicléach a bhailiú, a tháirgeadh, a mheasúnú agus a scaipeadh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oiliúna;
- (l) aon ghníomhaíocht eile a thacaíonn le díchoimisiúnú shuiteálacha núicléacha an Choimisiúin ag suíomhanna JRC a bhaint amach agus le heolas maidir le díchoimisiúnú núicléach agus bainistiú dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 2.

Foráil maidir le comhroinnt eolais

1. Scaipfear ar leibhéal an Chomhphobail an t-eolas a chruthófar i bpróiseas cur chun feidhme chlár JRC um Dhíchoimisiúnú agus Bainistiú Dramhaíola chomh maith leis an gclár cúnaimh um dhíchoimisiúnú arna bhunú faoi Rialachán (AE) 202X/XXXX [Ignalina]²³.
2. Déanfar na gníomhaíochtaí chun an ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích a mhaoiniú faoin Ionstraim. Is é JRC a chomhordóidh struchtúrú agus scaipeadh an eolais ar na Ballstáit.
3. Áireofar agus saineofar próiseas scaipthe an eolais sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 14.

²³ Rialachán (AE) .../... [Ignalina] ón gComhairle lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena n-aisghairtear ionstraim Rialachán (AE) 2021/101 (OJ, ..., ... ELI: ...).

CAIBIDIL III

CUMHACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME, FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 17

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste le haghaidh chomhpháirt sheachtrach na hIonstraime cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[...] agus tiocfaidh sé le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.
4. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

5. I gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe tíortha comhpháirtíochta nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta freastal ar chruinnithe an choiste mar bhreathnóirí faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta, agus slándáil agus ord poiblí an Aontais nó a Bhallstát á gcur san áireamh. Ní bheidh ionadaithe ó thíortha comhpháirtíochta ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn plé ar ábhair a bhaineann le critéir incháilitheachta de réir Airteagail 8 agus 12 den Rialachán seo.
6. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí scrúdú ar aon ábhar eile a bhaineann le cur chun feidhme na hIonstraime.

Airteagal 18

Aisghairm

Déantar Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (Euratom) 2021/948 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

Airteagal 19

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ní bheidh éifeacht ag an Rialachán ar leanúint de na gníomhaíochtaí atá i gceist ná ar a modhnú, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán (Euratom) Uimh 2021/100 agus (Euratom) Uimh 2021/948, a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.
2. Féadfaidh imchlúdach airgeadais na hIonstraime na speansais theicniúla agus cúnaimh riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir an Ionstraim agus na bearta arna nglacadh faoi Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (Euratom) 2021/948 a áirithiú.

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
